# Fadhbréiteach le Bataí Cuisenaire

| | |
|---|---|
| **Gné den Mhata** | Uimhreas – uimhreacha a aithint agus a thuiscint, comparáid agus ordú<br>Tomhais – fad, meastachán<br>*Naisc Thraschuraclaim – Teanga agus Litearthacht* |
| **Próisis** | **Cinntí a Dhéanamh agus Monatóireacht a Dhéanamh Orthu**<br>• réimse cur chuige a fhorbairt le haghaidh réiteach fadhbanna<br>**Réasúnú Matamaiticiúil**<br>• patrúin agus gaolta simplí a aithint agus tuartha a dhéanamh<br>• modh oibre s'acu a mhíniú |
| **Teanga agus Téarmaíocht** | bataí, níos faide, níos giorra, is faide, is giorra, níos mó ná, níos lú ná, leid, difríocht |
| **Áiseanna** | bataí Cuisenaire, Uirlis Cuisenaire Mol Mata, teimpléid fadhbréitigh |

## Cur Síos ar an Ghníomhaíocht

1 **Gníomhaíocht 1**

Roghnaíonn an múinteoir bata nach bhfuil na daltaí ábalta a fheiceáil, seasann sé d'uimhir ar leith. Ansin, tugann sé leideanna do na daltaí sa dóigh go dtig leo an bata atá i gceist a oibriú amach. Mar shampla,

Tá an bata atá agam níos faide ná an bata dearg.
Seasann sé do ré-uimhir.
Tá sé níos giorra ná an bata buí.

Athdhéan é seo cúpla uair sa dóigh is go mbeidh na daltaí cleachta leis na bataí.

2 **Gníomhaíocht 2**

I mbeirteanna, cuireann na daltaí bataí i bhfolach ar a seal agus tugann siad leideanna dá gcomhscoláire lena fháil amach an bhfuil siad ábalta an bata folaithe a oibriú amach cosúil le Gníomhaíocht 1. Úsáid níos mó ná 1 bhata leis an ghníomhaíocht a shíneadh.

3 **Gníomhaíocht 3**

I ngrúpaí, úsáideann na daltaí leideanna le luach na mbataí a oibriú amach. Tá cárta ag gach dalta atá folaithe ar an chuid eile den ghrúpa. Léann an dalta an leid amach os ard sa dóigh is go mbeidh na daltaí eile sa ghrúpa ábalta an cuardach a dhíriú ar réitigh fhéideartha nó an/na bata(í) a thomhas i gceart.

- Tá 3 bhata agam agus tá siad uilig difriúil.
- Tá an bata is giorra níos lú ná an bata dúghlas ach níos faide ná an bata glas éadrom.
- Is é dearg an difríocht idir an bata is faide agus an bata is giorra.
- Tá dath dubh ar an bhata is faide.

4 **Gníomhaíocht 4**

I ngrúpaí, úsáideann daltaí an teimpléad tugtha lena bhfadhbanna féin a chruthú sa dóigh is go dtig leis na grúpaí eile iad a réiteach go comhoibríoch.

5 **Gníomhaíocht 5**

I mbeirteanna, seasann daltaí d'uimhir ar leith, ag úsáid bataí Cuisenaire, an oiread teaglamaí agus is féidir san áireamh. Mar shampla, taispeáin 20 dom.

## Ceisteanna Samplacha

| Ceisteanna Druidte | Ceisteanna Oscailte |
|---|---|
| • Cén dath atá ar an bhata is giorra?<br>• Cén dath atá ar an bhata is faide?<br>• Cad é an difear idir an bata is giorra agus an bata is faide?<br>• Cén bata atá orm a chur leis an bhata dhearg lena dhéanamh cothrom leis an bhata ghorm? | • Cé acu de na bataí a thugann x mar iomlán?<br>• Cad é a fuair tú amach faoin ghaolmhaireacht/faoi na patrúin idir na bataí?<br>• Mínigh cad chuige ar roghnaigh tú na huimhreacha seo le d'uimhir a dhéanamh. |

## Difreáil

Socraigh líon na mbataí úsáidte, leideanna atá riachtanach agus uimhreacha léirithe de réir thuiscint na ndaltaí. Maidir le daltaí a bhfuil riachtanais fhoghlama bhreise acu, socraigh am (m.sh., ord na sealaíochta) agus rannpháirtíocht de réir mar is cuí.

## Cártaí Leideanna

### Cárta 1

**Leid 1:** Seasann an bata seo do chorruimhir.

**Leid 2:** Tá sé níos faide ná an bata buí.

**Leid3:** Tá sé níos giorra ná an bata donn.

### Cárta 2

**Leid 1:** Seasann an bata seo do chorruimhir.

**Leid 2:** Tá sé níos giorra ná an bata dúghlas.

**Leid 3:** Tá an bata oráiste a dhá oiread níos faide ná an bata seo.

### Cárta 3

**Leid 1:** Seasann an bata seo do ré-uimhir.

**Leid 2:** Tá sé níos faide ná an bata dubh.

**Leid 3:** Tá sé a dhá oiread níos faide ná an bata buí.

### Cárta 4

**Leid 1:** Tá 2 bhata agam. Seasann bata amháin do chorruimhir agus seasann an bata eile do ré-uimhir.

**Leid 2:** Is é buí an difríocht idir an dá bhata.

**Leid 3:** Tá an bata dearg a dhá oiread níos faide ná an bata is giorra.

### Cárta 5

**Leid 1:** Tá 3 bhata agam agus tá siad uilig difriúil.

**Leid 2:** Seasann siad uilig do chorruimhreacha.

**Leid 3:** Is é corcra an difríocht idir an bata is giorra agus an bata is faide.

**Leid 4:** Tá an bata is giorra ina leath den bhata dúghlas.

### Cárta 6

**Leid 1:** Tá 3 bhata agam agus iad uilig níos faide ná an bata buí.

**Leid 2:** Seasann na bataí do 3 uimhir as a chéile.

**Leid 3:** Tá na bataí uilig níos giorra ná an bata gorm.